C/2026/5947

5.11.2026

Fógra le haghaidh duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

(C/2026/5947)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid Inocencio Antonio FIGUEROA ARIZALETA (Uimh 58), duine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne an duine aonair thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus ar bhonn fianaise nua. Cuirtear in iúl don duine aonair sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna lena ainmniú beartaithe nó an fhianaise a fháil, roimh an **12 Samhain 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 295, 14.11.2017, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2074/oj.
(2) IO L 295, 14.11.2017, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2063/oj.